Scéal Oilibhéir

Nuachtlitir 25-11-2022

Maidineacha Fliucha agus Páirceáil | *Wet Mornings and Parking.*

Agus an aimsir ag dul in olcas beagáinín, má tá sé ag cur báistí ar 08:40, tá cead ag na páistí teacht díreach isteach go dtí an halla. Ní féidir linn glacadh le páistí roimhe sin mar nach féidir linn feitheoireacht chuí a chinntiú. Iarrtar ar dhaoine páirceáil i gCarrchlós na Mílaoise agus úsáid a bhaint as scáth fearthainne agus cóta oirúnach. Má tá spásanna na hascaille lán **NÍL CEAD STOPADH I LÁR AN BHÓTHAIR SAN ASCAILL NÁ SA BHOSCA BUÍ AG AN nGEATA. NÍ I mBOSCA NÁ SA BHOSCA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS** Tá sé seo dáinséarach do na páistí agus cuireann sé moill ar gach carr eile teacht isteach nó dul amach go sábháilte. Tá sé seo éagothrom agus iarrtar ar gach duine cloí leis na rialacha céanna. Is fearr a bheith nóiméad nó dhó déanach ag siúl ó Charrchlós na Mílaoise ná tranglam míshábháilte a chruthú san ascaill.

As the weather gets a bit worse, if it is raining at 08:40, the children may go directly to the hall. We cannot accept children before 08:40 as we can't guarantee appropriate supervision. You are asked to park in the Millennium Carpark and to use an umbrella and appropriate coat. If the avenue spaces are full, ***IT IS NOT PERMITTED TO STOP IN THE MIDDLE OF THE ROAD IN THE AVENUE OR IN THE YELLOW BOX AT THE GATE OR IN THE DISABLED PARKING SPOT****. This is dangerous for the children and it delays every other car entering or leaving the avenue safely. This is unfair and everyone is asked to abide by the same rules. It is better to be a minute or two later walking from the Millennium Carpark than to create a dangerous jam in the avenue.*

Aonach na Nollag | *Christmas Fair*

Tá Cumann na dTuismitheoirí i mbun Aonach na Nollag a reáchtáil don 4 Mí na Nollag 13:00 - 17:00. Tá go leor daoine tar éis an glaoch a fhreagairt agus teacht chun tosaigh chun cabhrú ach tá daoine fós ag teastáil. Má tá go leor daoine le cabhrú, ní bheidh ach uair a' chloig le déanamh ag éinne. Iarrtar ort r-phost a chur chuig cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com le rá leo cén t-am is féidir leat cabhrú. Tá buidéil ag teastáil fós do Sheastán na mBuidéal freisin, má tá buidéal nó dhó sa bhreis agat sa bhaile, iarrtar ort iad a chur isteach go dtí an oifig.

The Parents' Association are currently organising the Christmas Fair for 4 December 13:00 - 17:00. Lots of people have answered the call and come forward to help but we still need more people. If we have enough people. nobody will have to do more than an hour. You are asked to email cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com to let them know what time slot you can help with. Bottles are also needed for the Bottle Stand. If you have a bottle or two to spare at home, you are asked to send them into the office.

Cruinniú faoin Athchumrú Scoile | *Meeting about school reconfiguration*

Meabhraítear daoibh go mbeidh cruinniú sa scoil do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar an Máirt 29 Samhain 20:00 - 21:00. Beidh an cruinniú seo faoi Athchumrú Phátrúnacht Scoile agus beidh sé á éascú le héascaitheoirí neamhspleácha atá ceaptha ag an Roinn Oideachais. Is féidir bhur gcuid tuairimí a léiriú go leictreonach munar féidir leat a bheith i láthair ar an oíche ag an seoladh seo a leanas reconfiguration_dublin@education.gov.ie

You are reminded that there will be a meeting in the school for parents/guardians on Tuesday 29 November, 20:00 - 21:00. This meeting will be about school patronage reconfiguration and will be facilitated by independent facilitators who have been appointed by the Department of Education. You can express your opinions electronically if you cannot be present on the night at the following address reconfiguration_dublin@education.gov.ie

Tuáille Láimhe | *Hand Towels*

Déan cinnte le do thoil go bhfuil tuáille láimhe ag do pháiste chun na lámha a thriomú tar éis iad a ní.

Please ensure your child has their own small hand towel to dry their hands after washing them. Thank you.

Éide Scoile | *School Uniform*

Agus an aimsir éirithe níos fliche agus níos fuaire, beidh solúbthacht maidir leis an éide scoile. Is maith linn na páistí a choinneáil gníomhach áfach, coinnigh sna héadaí spóirt iad le do thoil do na laethanta sin atá ainmnithe mar laethanta corpoideachais acu.

As the weather has gotten colder and wetter, there will be flexibility around uniforms. We do like to keep the children active however so please keep them in their tracksuits for their assigned PE days. .

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Táimid an-bhuíoch de Chumann na dTuismitheoirí a chur an t-airgead ar fáil le ligean dúinn cur le trealamh TFC na scoile. Táimid buíoch freisin de phobal na scoile a thacaíonn le himeachtaí an Chumainn. Seo toradh na hoirbe sin! Bhronn an Cumann seit nua iPad orainn a chiallaíonn go mbeidh gléas an duine ag gach páiste sa rang ansin agus iad ag baint úsáide astu.Tá na páistí ar bís tabhairt faoin obair seo!

We are very grateful to the Parents' Association who made funds available to allow us add to the school's stock of ICT equipment. We are also grateful to our school community who support the Association's activties. This is the result of that work! The Association donated a new set of iPads to us which means that we now have a device for each child in the class when they are using them. The children are very excited to get started on this work!

Seachtain na Frithbhulaíochta | *Anti-Bullying Week*

Bhí Seachtain na Frithbhulaíochta againn an tseachtain seo caite agus rinne na páistí go leor cainte agus oibre bunaithe ar an gcairdeas agus ar conas an bhulaíocht a aithint agus a stopadh. Tá Polasaí Frithbhulaíochta na scoile ar an suíomh ag **an nasc seo** agus feictear thíos ár gCairt um Fhrithbhulaíocht.

*We had an Anti-Bullying Week last week and the children did lots of work on friendship and on how to spot and stop bullying. The school's Anti-Bullying Policy is on the website at **this link** and our Anti-Bullying Charter is seen below*

Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

29-11-2022	**Cruinniú do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí maidir le hathchumrú scoile** **Parent/Guardian Meeting about Reconfiguration**	*Halla na Scoile* 20:00
4-12-2022	Aonach na Nollag | *Christmas Fair*	*Halla na Scoile* 13:00-17:00
16-12-2022	Seó na nÓg | *Infants, 1st, 2nd Class Christmas Show*	12:00-13:30
19-12-2022	Seirbhís Charúl | *Carol Service*	19:30 i Séipeál Thomáis | *Laurel Lodge*
21-12-2022	Dúnadh na scoile don Nollaig | *School closing for Christma*	Páistí abhaile ar a 12 | *Children home at 12:00*
23-02-2023	Oíche an tSolais don Chóineartú | *Ceremony of Light for Confirmation*	19:30 i Séipeál Bhríde
24-03-2023	Cóineartú | *Confirmation*	11:00 i Séipeál Bhríde
27-05-2020	An Chéad Chomaoineach | *First Communion*	11:00 i Séipéal Bhríde

CUIRTEAR AINM DO PHÁISTE AR GACH RUD LE DO THOIL: CÓTAÍ – MÁLAÍ – HATAÍ – GEANSAITHE – GACH RUD! 😉

PLEASE PUT YOUR CHILD'S NAME ON EVERYTHING: COATS – BAGS – HATS – JUMPERS – EVERYTHING! 😉

Teimpléad Éigeantach 3: Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Chuig: Tuismitheoirí/Caomhnóirí na scoile

Is mian le Bord Bainistíochta SCOIL OILIBHÉIR an méid a leanas a chur in iúl duit:

- Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 7 Samhain 2022.

- Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an "Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí" a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Síniú: _____ Dáta: 7.11.2022
Ruairí Ó Dúlaing

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú: _____ Dáta: 7.11.2022
Antóin Ó Cléirigh
An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Mandatory Template 3: Notification regarding the Board of Management's review of the Child Safeguarding Statement

To: All Parents/Guardians

The Board of Management of SCOIL OILIBHÉIR wishes to inform you that:

- *The Board of Management's annual review of the school's Child Safeguarding Statement was completed at the Board meeting of 7 November 2022.*

- *This review was conducted in accordance with the "Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement" published on the Department's 'website www.education.ie*

Signed: _____ *Date: 7.11.2022*

Ruairí Ó Dúlaing
Chairperson, Board of Management

Signed: _____ *Date: 7.11.2022*

Antóin Ó Cléirigh
Principal/Secretary to the Board of Management